Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15747/22**

**AGRI 701**
**AGRIFIN 146**
**FIN 1317**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Nollaig 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15111/22 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: 'Sonraí sa Chomhbheartas Talmhaíochta – Níl an fhéidearthacht iomlán atá ag mórshonraí i gcás meastóireachtaí beartais bainte amach'<br>- *Conclúidí ón gComhairle* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

*Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: Níl an fhéidearthacht iomlán atá ag mórshonraí i gcás meastóireachtaí beartais bainte amach'*

a ghlac an Chomhairle ag an 3921ú cruinniú a bhí aici, an 12 Nollaig 2022.

## Conclúidí ón gComhairle

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**
***'Sonraí sa Chomhbheartas Talmhaíochta: Níl an fhéidearthacht iomlán atá ag mórshonraí i gcás meastóireachtaí beartais bainte amach'***

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2022 ón gCúirt dar teideal 'Sonraí sa Chomhbheartas Talmhaíochta: Níl an fhéidearthacht iomlán atá ag mórshonraí i gcás meastóireachtaí beartais bainte amach', ina ndearnadh measúnú ar an gcaoi a n-úsáideann an Coimisiún sonraí agus anailísíocht sonraí chun anailís beartais a dhéanamh ar CBT agus ar an gcaoi a bhfuil sé ag ullmhú chun úsáid níos fearr a bhaint as Mórshonraí;

2. MEASANN SÍ go bhfuil an tuarascáil ábhartha agus tráthúil i bhfianaise an dul chun cinn i dteicneolaíochtaí digiteacha agus gur earnáil í an talmhaíocht ina bhfuil nuálaíochtaí agus teicneolaíochtaí digiteacha á gcur i bhfeidhm níos mó agus níos mó, fiú más rud é go bhféadfadh an bhearna dhigiteach i measc feirmeoirí a bheith ina cúis le moilleanna ar an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na teicneolaíochtaí sin;

3. ADMHAÍONN SÍ, agus cuspóirí CBT atá ag teacht chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear ábhair imní maidir le slándáil bia, sábháilteacht bia, an comhshaol agus an aeráid agus ionchais athraitheacha na dtomhaltóirí, go bhfuil na riachtanais sonraí forbartha agus leathnaithe freisin chuig gnéithe eile ar nós athróga agra-chomhshaoil, astaíochtaí agus bithfhuinnimh;

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt don Choimisiún creat a bhunú chun sonraí imdhealaithe ón gCóras Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (CCRR) a úsáid agus chun úsáid níos mó a bhaint as foinsí sonraí agus iad a fhorbairt chun freastal ar riachtanais bheartais, rud a nglacann an Coimisiún leis; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór an t-ualach airgeadais agus riaracháin a chur san áireamh agus gur gá díriú ar chomhréireacht chothrom idir an gá atá le sonraí agus an t-ualach riaracháin agus airgeadais lena mbaineann;

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI cinneadh na Cúirte go bhfuil méid suntasach sonraí maidir le gnéithe eacnamaíocha, comhshaoil, aeráide agus sóisialta á úsáid ag an gCoimisiún agus go bhfuil roinnt tionscnamh déanta aige chun úsáid níos fearr a bhaint as na sonraí atá ann cheana, chomh maith le measúnú dearfach na Cúirte ar an méid atá bainte amach ó thaobh saibhreas sonraí a chur ar fáil don phobal i gcoitinne trí Thairseach Sonraí Agraí-Bhia na hArd-Stiúrthóireachta um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe;

6. ADMHAÍONN SÍ an acmhainneacht a bhaineann le teicneolaíochtaí nua chun bearnaí sonraí atá ann faoi láthair a líonadh agus an fhéidearthacht suirbhéanna a bhfuil ualach mór agus costasach ag baint leo a ionadú, agus ós rud é go mbeidh gá le dreasachtaí, bonneagar agus réitigh a rachaidh chun tairbhe do chách a bhunú chun aon dul chun cinn a dhéanamh maidir le rochtain ar fhoinsí nua sonraí a bhaint amach; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO MÓR nach mór bearnaí sonraí atá le líonadh ag CBT a theorannú do raon feidhme na talmhaíochta agus nach mór cosaint an phríobháideachais a áirithiú;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, ó cuireadh an Tuarascáil Speisialta seo i gcrích, go bhfuil tuilleadh dul chun cinn déanta i roinnt príomhréimsí, lena n-áirítear an togra reachtach chun an Líonra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme (LSCF) a thiontú ina Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme (LSIF). Ina theannta sin, glacadh agus foilsíodh gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe a bhaineann le CCRR (Rialacháin (AE) 2022/1172 agus 2022/1173) agus an rialachán cur chun feidhme maidir le sonraí le haghaidh faireacháin agus meastóireachta (Rialachán (AE) 2022/1475);

8. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil tionscnaimh ann ar fud an Aontais lena bhféachtar ar na féidearthachtaí atá ann chun sonraí agus uirlisí TF a nuachóiriú chun CBT a dhearadh agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air, agus TUIGEANN SÍ go bhfuil deis ann ardanailísíocht chostéifeachtach agus uirlisí gaolmhara a ionchorprú i gcórais TF atá ann cheana agus/nó i réitigh TF eile le haghaidh uathphróiseáil faisnéise.